AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 469 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2025

{SWD(2026) 276 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú coistí in 2025

1. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[1] (an 'Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste'), cuireann an Coimisiún a thuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú coistí in 2025 i láthair.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil ar fhorbairtí in 2025 ar an gcóras 'nós imeachta coiste', a thagraíonn do na coistí a n-iarrann an Coimisiún orthu tuairim a thabhairt maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme. Tá na coistí sin comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit agus is é an Coimisiún a dhéanann cathaoirleacht orthu. Leanann siad nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla ag brath ar an mbunghníomh reachtach ábhartha lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh (féach Tábla II).

Tugtar achoimre sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na gcoistí. Tá **doiciméad inmheánach oibre** ag gabháil léi ina bhfuil staitisticí mionsonraithe i dtaca le hobair gach coiste ar leith maidir le gach earnáil beartais[2]. Cuirtear i dtábhacht inti na príomhathruithe agus treochtaí a chonacthas ar bhonn bliantúil, agus déantar figiúirí foriomlána a chur i láthair inti maidir le cruinnithe, nósanna imeachta i scríbhinn, tuairimí a tugadh (i.e. dearfach, diúltach nó gan tuairim) agus gníomhartha a glacadh. Tugtar forbhreathnú inti chomh maith ar na cásanna a tarchuireadh chuig an gCoiste Achomhairc agus ar fheidhmiú an chirt grinnscrúdaithe atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle (na 'comhreachtóirí') faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. Cuirtear faisnéis ar fáil freisin maidir leis na bearta a glacadh faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú.

2. FORBHREATHNÚ AR FHORBAIRTÍ SA CHÓRAS NÓS IMEACHTA COISTE IN 2025

2.1. Forbairtí ginearálta

In 2025, lean coistí coisteolaíochta de bheith ag feidhmiú faoi na nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, i.e. an nós imeachta comhairleach (Airteagal 4) agus an nós imeachta scrúdúcháin (Airteagal 5), chomh maith le bheith ag feidhmiú faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a leagtar amach in Airteagal 5a[3] den Cinneadh maidir leis an Nós Imeachta Coiste[4].

---

1 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

2 Mar atá cumhdaithe ag ranna an Choimisiún a phléann leis na réimsí beartais lena mbaineann.

3 Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le húsáid an nós imeachta seo, féach Roinn 3.5.

4 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

Gan beann ar an mbealach a tionóladh iad (i láthair go fisiciúil, go cianda nó i bhformáid hibrideach), liostaítear gach cruinniú mar chruinniú i gClár na Coisteolaíochta[5] agus sonraítear foirm an chruinnithe sa taifead achomair.

I gClár Oibre an Choimisiúin 2025, a tíolacadh an 11 Feabhra 2025, moladh go dtarraingeofaí siar an togra ón gCoimisiún maidir le gníomhartha ina dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil a tugadh isteach le Conradh Liospóin[6], chomh maith leis an togra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2017[7] arb é is aidhm dó an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste a bhaineann leis an gCoiste Achomhairc a leasú agus aghaidh a thabhairt ar chásanna 'gan tuairim' i réimsí íogaire. Bhí údar maith leis an tarraingt siar mar gheall ar an easpa dul chun cinn sa chaibidlíocht, ós rud é go raibh seasaimh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle fós i bhfad óna chéile. Tharraing an Coimisiún an dá thogra sin siar an 6 Deireadh Fómhair 2025[8].

Ní chruthaíonn sin amhras, áfach, maidir leis an ngá dul ar aghaidh leis na cumhachtuithe atá fágtha le haghaidh nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú, mar a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i gComhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[9]. Dá bhrí sin, leanann an Coimisiún de na cumhachtuithe sin atá ann cheana a ailíniú le Conradh Liospóin i gcomhthéacs an athbhreithnithe/leasaithe shubstaintigh ar na gníomhartha reachtacha aonair ina bhfuil na cumhachtuithe sin fós.

Sa Teachtaireacht maidir le Simpliú[10] agus ina Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Simpliú[11], chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil gá le grinnscrúdú níos dlúithe ar ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme chun a shainaithint an bhfuil gá dlíthiúil leis na gníomhartha sin agus an simpleodh siad an creat rialúcháin nó an bhfuil gá leo chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, d'iarr an Coimisiún ar na comhreachtóirí freisin na prionsabail chéanna a chur i bhfeidhm agus cumhachtuithe nua le haghaidh reachtaíocht nua á mbreithniú acu.

2.2. Forbairtí sa chásdlí

Agus achomharc i gcoinne bhreithiúnas *Pollinis* (Cás C-726/22 P) á éisteacht ag an gCúirt Bhreithiúnais, shoiléirigh sí raon feidhme na heisceachta a bhaineann le coincheap an phróisis cinnteoireachta atá ar siúl faoi láthair i gcomhthéacs nós imeachta coiste coisteolaíochta. Maidir leis an gcás, atá ábhartha i dtéarmaí thrédhearcacht na nósanna imeachta coiste agus na

[5] https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/home?lang=ga

[6] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, COM (2016) 799 final.

[7] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, COM (2017) 085 final.

[8] C/2025/5423, Tarraingt siar tograí ón gCoimisiún, IO C an 6.10.2025.

[9] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, IO L 123, lgh. 1–14, pointe 27 de.

[10] Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, 12.2.2025, COM(2025)47

[11] Tuarascáil Forléargais Bhliantúil 2025 maidir le Simpliú, Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú, 21.10.2025, COM(2025)871

ndoiciméad coiste, bhain sé le rochtain ar iarrataí ar dhoiciméid[12] lena n-áirítear rochtain ar dhoiciméid a bhaineann le hobair an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, inar taifeadadh seasaimh na n-ionadaithe ó na Ballstáit (sa choiste) agus a malartuithe leis an gCoimisiún, ar dhiúltaigh an Coimisiún iad a nochtadh *inter alia* chun an nós imeachta cinnteoireachta atá ar siúl faoi láthair a chosaint. Ag an gcéad chéim, dhiúltaigh an Chúirt go soláthródh rúndacht na nósanna imeachta coisteolaíochta, mar a léirítear i bhforálacha áirithe de Rialacha Caighdeánacha Nós Imeachta na gcoistí coisteolaíochta, toimhde ghinearálta neamhnochta faoi Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[13].

Ar achomharc, níor dhírigh an Chúirt ach ar an ngné shonrach den eisceacht a bhaineann leis an nós imeachta cinnteoireachta atá i gceist agus ar cheart í a aicmiú mar eisceacht atá ar siúl faoi láthair nó mar eisceacht dhúnta. Rialaigh sí nach bhféadfaí an nós imeachta a mheas mar nós imeachta leanúnach toisc nach raibh an coiste coisteolaíochta in ann seasamh a ghlacadh fós maidir le treoirdhoiciméad arna tharraingt suas ag EFSA in 2013 agus toisc gur iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú air sular cuireadh tús arís leis an nós imeachta coisteolaíochta. De réir na Cúirte Breithiúnais, chiallaigh an t-athbhreithniú sin nach raibh cuspóir sonrach cinneadh a dhéanamh amach anseo sainithe go leordhóthanach fós. Mar thoradh air sin, bhí an riosca go bhféadfadh nochtadh an doiciméid iarrtha an bonn a bhaint den phróiseas cinnteoireachta hipitéiseach, de réir an tsainmhínithe, ós rud é go mbeadh sé dodhéanta, sa chleachtas, a fháil amach an an bhfuil baint iarbhír ag ábhar an doiciméid sin leis an bpróiseas cinnteoireachta sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh an t-achomharc a thaisc an Coimisiún.

3. Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí

Tá na figiúirí a léirítear sna ranna seo a leanas bunaithe ar na torthaí a chuirtear i láthair go mion sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

3.1. An líon coistí

Dírítear sa tuarascáil seo ar na coistí coisteolaíochta agus orthu sin amháin, ar coistí iad a bhunaigh an reachtóir chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a tugadh dó le bunghníomhartha reachtacha. Ní chumhdaítear sa tuarascáil seo eintitis eile, go háirithe grúpaí saineolaithe a bhunaigh an Coimisiún. I dTábla I, taispeántar líon na gcoistí coisteolaíochta a bhí ann le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025[14], agus na figiúirí don bhliain roimhe sin ann ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

---

12 Bhain na doiciméid a iarradh le treoirdhoiciméad arna tharraingt suas ag EFSA in 2013, a bhí ina thúsphointe ag an nós imeachta coiste atá i gceist. Pléadh an doiciméad sin le roinnt blianta laistigh den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, gan aon chomhaontú a bheith ann maidir lena théacs i measc na mBallstát agus gan an doiciméad sin a bheith glactha ag an gCoimisiún. In 2019, d'iarr an Coimisiún ar EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar a threoirdhoiciméad chun na forbairtí eolaíocha is déanaí a chur san áireamh.

13 Sa bhreithiúnas céadchéime ar sheas an Chúirt Bhreithiúnais leis, rialaigh an Chúirt Ghinearálta '*ní cheanglaítear leis na nósanna imeachta coisteolaíochta, agus go háirithe leis na Rialacha Nós Imeachta Caighdeánacha iad féin, go ndiúltófaí rochtain ar dhoiciméid ina gcuirtear seasamh aonair na mBallstát laistigh de SCoPAFF in iúl chun próiseas cinnteoireachta an choiste sin a chosaint, de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(3) de Rialachán Uimh. 1049/2001, nach gcuirtear cosc ar an gCoimisiún léi ar bhealach ar bith áfach, i gcásanna a bhfuil údar maith leo, rochtain a dhiúltú ar dhoiciméid ina gcuirtear seasaimh aonair na mBallstáit laistigh den choiste in iúl i gcás gur dócha go mbainfí an bonn go sonrach lena nochtadh de na leasanna atá cosanta leis na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1049/2001*' (pointe 107 den bhreithiúnas).

14 Ní raibh roinnt coistí ann ach le linn cuid den bhliain, ag brath ar thús/deireadh beacht bhailíocht a mbunghnímh reachtaigh.

TÁBLA I — AN LÍON IOMLÁN COISTÍ

Roinn an Choimisiúin	2024	2025
AGRI (Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe)	11	10
BUDG (Buiséad)	2	2
CLIMA (Gníomhú ar son na hAeráide)	7	5
CNECT (Líonraí Cumarsáide, Ábhar Digiteach agus Teicneolaíocht)	17	16
COMP (Iomaíocht)	2	2
DEFIS (Tionscal na Cosanta agus an Spás)	10	11
DIGIT (Seirbhísí Digiteacha)	1	1
EAC (Oideachas agus Cultúr)	4	4
ECFIN (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)	2	2
ECHO (Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta)	2	2
EMPL (Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú)	6	4
ENER (Fuinneamh)	16	15
ENEST (Méadú agus Comharsanacht an Oirthir)	-	3
ENV (An Comhshaol)	29	31
ESTAT (Eurostat)	1	1
FISMA (Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil)	11	10
FPI (An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh)	1	1
GROW (An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna)	46	46
HERA (Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte)	1	1
HOME (Imirce agus Gnóthaí Baile)	25	28
INTPA (Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta)	3	3
JUST (Ceartas agus Tomhaltóirí)	32	33
MARE (Gnóthaí Muirí agus Iascaireacht)	3	3
MENA (An Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse)	-	1
MOVE (Soghluaisteacht agus Iompar)	35	33
NEAR (Comharsanacht agus Caibidlíocht maidir le Méadú) *(roinnte ina MENA agus ENEST ón 1.2.2025 ar aghaidh)*	3	-
OLAF (An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise)	1	1
REFORM (Tacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach)	1	0
REGIO (Beartas Réigiúnach agus Uirbeach)	2	3
RTD (Taighde agus Nuálaíocht)	17	19
SANTE (Sláinte agus Sábháilteacht Bia)	33	34
SG (An Ard-Rúnaíocht) *Lena n-áirítear an Coiste Achomhairc*[15]	4	4
TAXUD (Cánachas agus an tAontas Custaim)	27	28
TRADE (Trádáil)	13	13
IOMLÁN	**368**	**370**

In 2025, bhí **370 coiste coisteolaíochta** ann, lena n-áirítear foirmíochtaí coiste[16]. Cé gur bunaíodh roinnt coistí nua le reachtaíocht nua a tháinig i bhfeidhm in 2025, lean an líon foriomlán de bheith cobhsaí i gcomparáid le 2024 (368 gcoiste) toisc gur cuireadh deireadh le roinnt coistí freisin le linn na bliana[17].

15 Tá an Coiste Achomhairc cláraithe i gClár na Coisteolaíochta mar choiste faoi fhreagracht na hArdrúnaíochta. Sa chleachtas, áfach, tá sé á bhainistiú ag na ranna ábhartha.

16 I líon beag bunghníomh, rinne an reachtóir foráil maidir le cumraíochtaí sonracha den choiste. Cuirtear iad sin i láthair ina n-aonar sa doiciméad inmheánach oibre agus déantar gach ceann díobh a chomhaireamh ar leithligh i bhfigiúr foriomlán na gcoistí. Gan na cumraíochtaí aonair a chomhaireamh ar leithligh, ba é 318 líon iomlán na gcoistí.

17 I roinnt cásanna tá reachtaíocht nua a tháinig i bhfeidhm le linn na bliana tagtha in áit seanreachtaíochta (nó tá seanreachtaíocht aisghairthe léi) agus tá coiste nua bunaithe léi don réimse beartais céanna agus dá bhrí sin, bhí coiste 'nua' agus 'seanchoiste' ann ag amanna éagsúla den bhliain faoi na bunghníomhartha reachtacha lena mbaineann; áirítear iad sin araon don bhliain. Dá bhrí sin, tá líon na gcoistí ag deireadh an bliana (362) níos lú, agus na 'héifeachtaí dúbailte' sin glanta den líon (agus gan coistí ar cuireadh deireadh leo le linn na bliana a bheith curtha san áireamh).

Léirítear i dTábla II miondealú ar na coistí in 2025 de réir an chineáil nós imeachta faoina raibh siad ag feidhmiú (i.e. nós imeachta comhairleach, nós imeachta scrúdúcháin, nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú). Déantar coistí a bhfuil nósanna imeachta iomadúla[18] acu a léiriú ar leithligh.

TÁBLA II — AN LÍON COISTÍ DE RÉIR NÓS IMEACHTA

Roinn an Choimisiúin	An cineál nós imeachta				
	Scrúdúchán	Comhairleach	Rialúchán lena ngabhann grinnscrúdú	Nósanna imeachta iomadúla	IOMLÁN
AGRI	7	0	0	3	10
BUDG	1	1	0	0	2
CLIMA	2	0	0	3	5
CNECT	10	1	0	5	16
COMP	0	1	0	1	2
DEFIS	4	0	0	7	11
DIGIT	1	0	0	0	1
EAC	3	0	0	1	4
ECFIN	1	0	0	1	2
ECHO	2	0	0	0	2
EMPL	0	1	1	2	4
ENER	7	2	0	6	15
ENEST	3	0	0	0	3
ENV	16	0	1	14	31
ESTAT	0	0	0	1	1
FISMA	5	0	2	3	10
FPI	1	0	0	0	1
GROW	16	2	2	26	46
HERA	1	0	0	0	1
HOME	22	2	0	4	28
INTPA	3	0	0	0	3
JUST	21	7	0	5	33
MARE	1	0	0	2	3
MENA	1	0	0	0	1
MOVE	14	2	1	16	33
OLAF	1	0	0	0	1
REGIO	0	1	0	2	3
RTD	13	0	0	6	19
SANTE	15	0	0	19	34
SG *Lena n-áirítear an Coiste Achomhairc*	3	0	0	1	4
TAXUD	12	0	0	16	28
TRADE	5	2	0	6	13
IOMLÁN:	**191**	**22**	**7**	**150**	**370**

[18] Is mar sin atá nuair a bheartaítear leis an mbunghníomh reachtach (nó na bunghníomhartha reachtacha) nósanna imeachta coiste éagsúla a úsáid le haghaidh bearta cur chun feidhme éagsúla. Léirítear sa tábla an staid dhlíthiúil dá bhforáiltear leis na bunghníomhartha reachtacha; sa chleachtas, i gcás ina ndéantar foráil leis na bunghníomhartha maidir le nósanna imeachta éagsúla, d'fhéadfadh sé nach ngníomhódh coiste ach faoi cheann amháin de na nósanna imeachta chun a thuairim a ghlacadh maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme i mbliain ar leith.

3.2. An líon cruinnithe agus nósanna imeachta i scríbhinn

Sainítear déine ghníomhaíocht na gcoistí go príomha leis an líon cruinnithe coiste a tionóladh agus an líon nósanna imeachta i scríbhinn[19] a reáchtáladh. Cuirtear i láthair iad sin i dTábla III.

TÁBLA III — AN LÍON CRUINNITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA I SCRÍBHINN

Roinn an Choimisiúin	An líon coistí	Cruinnithe		Nósanna imeachta i scríbhinn	
		2024	2025	2024	2025
AGRI	10	86	72	2	9
BUDG	2	4	4	0	0
CLIMA	5	9	9	11	6
CNECT	16	28	30	13	10
COMP	2	4	6	0	0
DEFIS	11	49	37	9	15
DIGIT	1	1	2	0	1
EAC	4	10	10	18	17
ECFIN	2	21	18	0	0
ECHO	2	5	4	4	3
EMPL	4	0	0	0	0
ENER	15	10	29	20	12
ENEST	3	-	13	-	6
ENV	31	28	34	9	6
ESTAT	1	3	3	5	9
FISMA	10	9	5	11	16
FPI	1	3	3	0	0
GROW	46	35	46	43	39
HERA	1	0	0	0	0
HOME	28	53	71	22	24
INTPA	3	21	22	12	7
JUST	33	26	67	6	7
MARE	3	4	3	6	2
MOVE	33	39	43	13	18
MENA	1	-	4	-	2
NEAR	(3)	17	-	15	-
OLAF	1	0	0	0	0
REGIO	3	1	1	1	1
RTD	19	56	60	222	160
SANTE	34	107	112	704	659
SG *Lena n-áirítear an Coiste Achomhairc*	4	5	6	0	0
TAXUD	28	30	32	30	42
TRADE	13	29	40	35	51
IOMLÁN:	**370**	**693**[20]	**786**	**1211**	**1122**

Tionóladh **786 chruinniú** in 2025, figiúr atá níos airde ná an líon cruinnithe in 2024 (693 chruinniú), agus reáchtáladh **1122 nós imeachta i scríbhinn**, figiúr atá níos ísle ná an líon a reáchtáladh an bhliain roimhe sin (1211 nós imeachta i scríbhinn).

[19] D'fhéadfaí vótáil an choiste a reáchtáil ag gnáthchruinniú an choiste nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

[20] Rinneadh botún fíorais in COM(2025)642 agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre (2025) 334 Doiciméad Inmheánach Oibre a chomhfhreagraíonn: is é 3 chruinniú (seachas 2) líon ceart na gcruinnithe FPI agus, dá bhrí sin, ba é 693 chruinniú (seachas 692) líon iomlán na gcruinnithe in 2024.

3.3. An líon tuairimí agus gníomhartha cur chun feidhme

Tugtar léiriú sa tuarascáil seo freisin ar aschur sonrach na gcoistí, ar táscaire tábhachtach eile é maidir le leibhéal na gníomhaíochta.

TÁBLA IV — AN LÍON TUAIRIMÍ AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME A GLACADH[21]

Roinn an Choimisiúin	Tuairimí[22]		Gníomhartha cur chun feidhme glactha		Rúin ó Pharlaimint na hEorpa/Cinntí ón gComhairle (Airteagal 11)
	2024	2025	2024	2025	2025
AGRI	86	70	76	72	0
BUDG	0	0	0	0	0
CLIMA	20	16	17	18	0
CNECT	43	59	43	58	0
COMP	5	5	5	5	0
DEFIS	18	18	12	15	0
DIGIT	0	1	0	1	0
EAC	20	20	18	17	0
ECFIN	32	42	32	41	0
ECHO	5	5	5	5	0
EMPL	0	0	0	0	0
ENER	21	24	18	19	0
ENEST	-	27	-	26	0
ENV	20	17	17	22	1
ESTAT	15	15	13	12	0
FISMA	12	16	11	13	0
FPI	0	0	0	0	0
GROW	127	82	83	103	0
HERA	0	0	0	0	0
HOME	45	46	54	40	0
INTPA	103	96	103	93	1
JUST	13	15	11	15	0
MARE	11	5	10	7	0
MENA	-	21	-	21	0
MOVE	43	40	46	36	0
NEAR	63	-	62	-	0
OLAF	0	0	0	0	0
REGIO	1	1	1	1	0
RTD	221	160	209	129	0
SANTE	1076	1176	969	1133	0
SG*	11	11	0	0	11
TAXUD	36	56	44	39	0
TRADE	82	119	79	103	0
IOMLÁN:	**2129**	**2163**	**1938**	**2044**	**13**

**Lena n-áirítear tuairimí arna dtabhairt ag an gCoiste Achomhairc. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, déantar gníomhartha cur chun feidhme a glacadh agus a théann tríd an gCoiste Achomhairc a áireamh i gcomhair na gcoistí ar an gcéad leibhéal sna réimsí beartais lena mbaineann. Féach freisin Roinn 3.4 agus Tábla V.*

[21] Maidir le gníomhartha cur chun feidhme a glacadh, ciallaíonn léiriú ranna an Choimisiúin (réimsí beartais) go ndearnadh na gníomhartha atá i gceist a ullmhú (go ndearnadh iad a phlé agus/nó go vótáladh orthu) i gcoiste arna bhainistiú ag an roinn sin de chuid an Choimisiúin; i gcásanna áirithe, is roinn eile de chuid an Choimisiúin a rinne glacadh an ghnímh a áirithiú go foirmiúil.

[22] Déantar vóta arb é ‘gan tuairim’ an toradh air a áireamh i líon iomlán na dtuairimí ós rud é gur toradh féideartha amháin sa choiste é.

Cuirtear na figiúirí foriomlána i láthair i dTábla IV maidir leis na tuairimí foirmiúla a thug na coistí agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún ina dhiaidh sin[23]. Léirítear ann freisin na cásanna inar fheidhmigh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a gceart grinnscrúdaithe faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

Thug na coistí 2163 thuairim[24] in 2025, ar méadú beag é i gcomparáid le 2024 (2129). Ar an gcaoi chéanna, glacadh 2 044 ghníomh cur chun feidhme[25] tar éis nós imeachta coiste, líon a bhí beagán níos mó ná an bhliain roimhe sin (1938).

I gcás ina nglactar gníomh bunúsach faoin ngnáthnós imeachta reachtach, tá ceart grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste trínar féidir le gach ceann acu a léiriú an dtéann dréachtghníomh cur chun feidhme thar na cumhachtaí cur chun feidhme a dheonaítear leis an ngníomh bunúsach. In 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa 13 rún ar bhonn Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. In 2025 níor fheidhmigh an Chomhairle a ceart faoin bhforáil sin.

3.4. Cruinnithe an Choiste Achomhairc

Mar a léirítear i dTábla V thíos, tháinig an Coiste Achomhairc le chéile 6 huaire le linn 2025, agus pléadh 11 dhréachtghníomh cur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoina bhráid. Agus vótáil á déanamh aige ag na cruinnithe i ngach cás agus gan nósanna imeachta i scríbhinn a úsáid, thug sé cinneadh ‘gan tuairim’ uaidh i ngach ceann de na cásanna[26]. Tar éis vótaí an Choiste Achomhairc, ghlac an Coimisiún 10 gcinn de na gníomhartha cur chun feidhme (dhá cheann in 2026), cé go raibh dréachtghníomh amháin nár glacadh ar deireadh toisc gur tarraingíodh siar an iarraidh fholuiteach ar údarú margaidh.

TÁBLA V — GNÍOMHAÍOCHT AN CHOISTE ACHOMHAIRC

Roinn an Choimisiúin	**Líon cruinnithe/comhairliúchán i scríbhinn an Choiste Achomhairc**		**Líon tuairimí[27] an Choiste Achomhairc**		**An líon gníomhartha a glacadh tar éis don Choiste Achomhairc tuairim a thabhairt**	
	2024	**2025**	**2024**	**2025**	**2024**	**2025**
MOVE	1/0	0/0	1	0	1	0
SANTE	4/0	6/0	10	11	10	8
IOMLÁN:	**5/0**	**6/0**	**11**	**11**	**11**	**8**

23 D’fhéadfadh an líon tuairimí agus an líon gníomhartha cur chun feidhme/an líon beart a bheith difriúil in aon bhliain faoi leith; mínítear na cúiseanna atá leis sin sa réamhrá leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

24 Bhí tromlach mór na vótaí sna coistí dearfach, tugadh vóta ‘gan tuairim’ i 29 gcás (lena n-airítear na cásanna a tarchuireadh chuig an gCoiste Achomhairc i ndeireadh na dála). Tugadh vóta diúltach amháin i gcomhthéacs nós imeachta comhairleach (Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena laghdaítear ón maoiniú ón Aontas Eorpach caiteachas áirithe a thabhaigh na Ballstáit faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)); dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún an gníomh.

25 Leasaigh 716 gceann de na gníomhartha sin gníomhartha a bhí ann cheana.

26 Tá tuilleadh mionsonraí le fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

27 Cuimsíonn an téarma ‘tuairim’ aon chás a mbeadh ‘gan tuairim’ mar thoradh foirmiúil air, rud a chiallaíonn nach bhfuil gá le tromlach, bealach amháin nó bealach eile. Léirítear an líon cásanna ‘gan tuairim’ idir lúibíní.

3.5. Úsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Rinne an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste éifeachtaí an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a choinneáil ar bun chun críocha na mbunghníomhartha reachtacha atá ann cheana a thagraíonn dó[28]. Ní féidir an nós imeachta sin a thabhairt isteach i reachtaíocht nua a thuilleadh, ach tá sé fós le feiceáil i roinnt gníomhartha bunúsacha dlí atá ann cheana agus leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige faoi na gníomhartha sin go dtí go ndéanfar na cumhachtuithe sin a oiriúnú don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (CFAE) agus go dtí n-athrófar iad, má dhéantar an méid sin, ina gcumhachtuithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme.

In 2025, glacadh **53 bheart** faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (féach Tábla VI), figiúr atá níos lú ná líon na mbeart a glacadh in 2024 (67 mbeart). Níor bhain na comhreachtóirí úsáid as an gceart chun cur i gcoinne gníomhartha faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú in 2025 (i gcomparáid leis sin, in 2024, bhain siad úsáid as an gceart sin faoi dhó).

TÁBLA VI — AN LÍON BEART A GLACADH I GCOMHRÉIR LEIS AN NÓS IMEACHTA RIALÚCHÁIN LENA NGABHANN GRINNSCRÚDÚ

Roinn an Choimisiúin	Nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – bearta glactha[29]	Na dréachtbhearta ar chuir Parlaimint na hEorpa in aghaidh a nglactha	Na dréachtbhearta ar chuir an Chomhairle in aghaidh a nglactha
AGRI	0	0	0
BUDG	0	0	0
CLIMA	0	0	0
CNECT	0	0	0
COMP	0	0	0
DEFIS	0	0	0
EAC	0	0	0
ECHO	0	0	0
ECON	0	0	0
EMPL	0	0	0
ENER	4	0	0
ENEST	0	0	0
ENV	3	0	0
ESTAT	1	0	0
FISMA	3	0	0
FPI	0	0	0
GROW	7	0	0
HERA	0	0	0
HOME	0	0	0
INTPA	0	0	0
JUST	0	0	0
MARE	0	0	0
MOVE	0	0	0
MENA	0	0	0
NEAR	0	0	0
OLAF	0	0	0
REGIO	0	0	0
RTD	0	0	0
SANTE	35	0	0

[28] Airteagal 12, an dara mír den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

[29] An beart sa tábla, leagtar é ar an roinn den Choimisiún a bhainistigh an coiste a d'ullmhaigh an beart. D'fhéadfadh sé sin a bheith éagsúil leis an gceann a ghlac go foirmiúil é. Féach fonóta 20 freisin.

SG	0	0	0
TAXUD	0	0	0
TRADE	0	0	0
IOMLÁN	**53**	**0**	**0**

4. CONCLÚID

Lean na coistí de bheith ag obair in 2025 ar leibhéal déine a bhí cosúil leis an mbliain roimhe sin. Bhí 370 coiste ann, a thionóil 786 chruinniú, a rinne 1 122 nós imeachta i scríbhinn agus a thug 2163 thuairim, as ar eascair glacadh 2 044 ghníomh cur chun feidhme agus 53 bheart faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Trína chur ar a gcumas do na Ballstáit a gcumhachtaí rialaithe a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, cuireann na coistí cúnamh luachmhar ar fáil don Choimisiún maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugann na comhreachtóirí dó a fheidhmiú.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.